C/2024/5569

16.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11633 - TUBACEX / MUBADALA / SPANISH JV / UAE JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5569)

1. An 6 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Tubacex S.A. ('Tubacex', an Spáinn),

— Mubadala Investment Company P.J.S.C. ('Mubadala', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) atá faoi úinéireacht Rialtas Abú Daibí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha,

— TBX NewCo Spain, S.L.U. ('Spanish JVCo', an Spáinn)

— TBX Upstream Seamless Pipes L.L.C. ('UAE JVCo', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha)

Gheobhaidh Tubacex agus Mubadala rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar chodanna de Spanish JVCo agus UAE JVCo.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann Tubacex táirgí agus seirbhísí tionsclaíocha casta ar fáil, díríonn sé go sonrach ar thionscail an fhuinnimh agus na soghluaisteachta agus déanann sé speisialtóireacht in ardchruach dhosmálta agus i gcóimhiotail eile atá frithchreimneach,

— Is cuideachta infheistíochta é Mubadala a infheistíonn go gníomhach i raon leathan aicmí sócmhainní amhail cothromas príobháideach, cothromas poiblí, réadmhaoin agus bonneagar, infheistíochtaí malartacha agus creidmheas.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Spanish JVCo: Earraí feadánacha tíre ola (OCTG) a sholáthar, agus oibríochtaí sa Spáinn agus sa Bhrasaíl. Níl UAE JVCo ag feidhmiú go fóill, ach beidh seirbhísí comhchosúla á soláthar aige.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11633 - TUBACEX / MUBADALA / SPANISH JV / UAE JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË